## Leibhéil Údaráis Airgeadais

Sainmhínítear an téarma "**údarú**" mar chumhacht sheanbhunaithe chun airgead a fháil, airgead a infheistiú nó caiteachas a thabhú do BOOÁCDL nó thar a cheann nó ceangal a chur ar BOOÁCDL ó thaobh airgeadais de i gcomhaontú conarthach nó i gcomhaontú atá ceangailteach ar shlí eile.

Tá na leibhéil údaraithe sonraithe i dtáblaí a haon go dtí a hocht.

## Cuid a hAon: Leibhéil Údaráis Airgeadais

| **Tábla 1: Talamh/Foirgnimh/Conarthaí Fadtéarmacha** | |
|---|---|
| **Ceannach/Diúscairt Talún/Réadmhaoine** | |
| | **Leibhéal Údaraithe** |
| Údarás chun eastát réadach agus réadmhaoin a cheannach nó a dhíol (talamh agus foirgnimh) | An Roinn Oideachais agus an Bord |

| **Tábla 2: Léasú Réadmhaoine** |
|---|
| **Léasú Réadmhaoine** |
| *Údarás chun réadmhaoin a léasú (talamh agus foirgnimh) i gcás ina bhfuil ré an léasa nó an cíos bliantúil iníoctha faoin léas:* |

| **Tréimhse** | **Leibhéal Údaraithe** |
|---|---|
| Aon Tréimhse | An Roinn Oideachais agus an Bord |

| **Tábla 3: Oibreacha Foirgníochta Caipitil** | |
|---|---|
| **Tionscadail** | **Leibhéal Údaraithe** |
| Gach Faomhadh Céime le dul ar aghaidh | An Roinn Oideachais |
| Gach Maoiniú Céime Tionscadal | An Roinn Oideachais |

| **Tábla 4: Údarás chun BOOÁCDL a thabhú i ngnáthchaiteachas oibríochtúil nó gníomhú i ngnáthsheirbhísí (aon idirbheart amháin)** | |
|---|---|
| **Tairseach Soláthairtí agus Seirbhísí** | **Leibhéal an Údaráis Soláthair** |
| €0 - €15,000 | Sealbhóir Buiséid |
| €15,000 - €50,000 | Sealbhóir Buiséid i gcomhairle le Soláthar |

| | |
|---|---|
| €50,000 - €221,000 | Stiúrthóir Faomhadh riachtanach |
| €221,000 | Faomhadh an Príomhfheidhmeannaigh |
| **Tairseach Oibreacha/Lamháltais** | **Leibhéal an Údaráis Soláthair** |
| €0 – €200,000 | Bainisteoir Soláthair Caipitil le cead ón Stiúrthóir |
| €200,000 - €5,538,000 | Stiúrthóir le Faomhadh CE |

| **Tábla 5: Údarás chun Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna, Deontais don Óige agus Oiliúint ar Conradh a fhaomhadh** | |
|---|---|
| **Luach Táille Conartha** | **Leibhéal Údaraithe** |
| Os cionn €500,000 | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| Suas le €500,000 | Stiúrthóir |
| Suas le €250,000 | Bainisteoir TC |

| | |
|---|---|
| Suas le €25,000 | AEO/Bainisteoir Cúnta TC |
| Gach Deontas don Óige | Stiúrthóir Iomchuí |
| Eisítear ordú íocaíochta deontais mar shásra rialaithe chun cistí a chur ar aghaidh chuig na hEagraíochtaí Seirbhíse don Óige agus chuig eagraíochtaí eile arna maoiniú faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint (BrOO) chun leanúnachas seirbhísí do na foghlaimeoirí atá páirteach a chinntiú. | |

**Tábla 6: Údarás chun Drochfhiacha/Ró-íocaíochtaí Do-aisghabhála a Dhíscríobh**

| **Luach Féich** | **Leibhéal Formheasa** |
|---|---|
| Os cionn €50,000 (aon fhiach amháin) | Príomhfheidhmeannach/Nóta chuig an mBord |
| Os cionn €10,000 (aon fhiach amháin) | Príomhfheidhmeannach |
| Suas le €10,000 (aon fhiach amháin) | Stiúrthóir |
| Ranníocaíochtaí Neamhbhailithe | Príomhoide Scoile/Bainisteoir Ionaid |
| Táillí Neamhbhailithe ar Oideachas Aosach (Ciorclán 46/00) | Príomhoide Scoile i gcomhairle leis an Rannóg Ciste |

Sonraítear i dTábla 6 na teorainneacha formheasa maidir le drochfhiacha a dhíscríobh a eascraíonn ó neamhíocaíocht airgid atá dlite do BOOÁCDL as seirbhísí a tabhaíodh in aon bhliain airgeadais amháin.

**Tábla 7: Údarás chun Scoláireacht a bhunú**

| Luach | Leibhéal Formheasa |
|---|---|
| Gach Luach | An Bord |

**Tábla 8: Údarás chun Airgead a Fháil ar Iasacht/Rótharraingt**

| Luach | Leibhéal Formheasa |
|---|---|
| Faomhadh chun cead a iarraidh ó DoE | An Bord |
| Formheas chun cur isteach ar shaoráidí Rótharraingte | An Roinn Oideachais |
| Formheas chun leas a bhaint as saoráidí Rótharraingtí | An Bord |

## Leibhéil Formheasa Airgeadais

Is éard is ciall leis an téarma "**formheas**" ná an chumhacht sheanbhunaithe chun íoc na gcuntas a dheimhniú agus a cheadú maidir le caiteachas a údaraíodh le Leibhéil Údaráis Airgeadais BOOÁCDL. In BOOÁCDL comhlíonann an Roinn Airgeadais agus Ardbhainistíocht an fheidhm sin.

Tá na leibhéil formheasa sonraithe i dtáblaí a naoi go dtí a cúig déag.

| **Tábla 9: Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna, Deontais don Óige agus Oiliúint ar Conradh a Cheadú** | |
|---|---|
| **Luach Íocaíochta** | **Leibhéal Formheasa** |
| Os cionn €500,000 | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| Suas le €500,000 | Stiúrthóir |
| Suas le €250,000 | APO/Bainisteoir TC |
| Suas le €60,000 | Bainisteoir Cúnta/AEO/Oifigeach Forbartha Óige |
| Foráiltear sna luachanna íocaíochta atá leagtha amach faoi Thábla 9 don údarás chun íocaíochtaí a cheadú maidir le Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna, Deontais don óige agus Oiliúint ar Conradh. | |

| Tábla 10: Formheas Cuntas le haghaidh Íocaíochta - An Roinn Airgeadais | |
|---|---|
| **Luach Íocaíochta** | **Leibhéal Formheasa** |
| Os cionn €250,000 | Stiúrthóir |
| Suas le €250,000 | Oifigeach Airgeadais/Airgeadas APO |
| Suas le €150,000 | Airgeadas Grád 7 |
| P2P (DCS) | Os cionn €10,000.00 – Formheas Leictreonach ag an Rannóg Soláthair |
| **Eisceachtaí:** | |
| Formheas Párolla | Acmhainní Daonna Grád 7 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le hAsbhaintí Párolla | ESBS cé is moite de Rothaíocht chuig an Obair, Pas Taistil agus Club Tae arna mbainistiú ag Acmhainní Daonna Grád 7 |
| Aistrithe Idirbhainc agus Aistrithe Bainc BOO | De réir Thábla 11 |

| **Tábla 11: Formheas Ríomhaistrithe Airgid** | |
|---|---|
| **Luach Íocaíochta** | **Leibhéal Formheasa** |
| Aistrithe idir Cuntais BOOÁCDL | Beirt Oifigeach Údaraithe mar atá curtha ar bun ag Riarthóirí nó Baincéireacht Ar Líne |
| Suas le €5,000,000 Gnáthchaiteachas Oibríochtúil – Párollaí, Comhaid Íocaíochta, Comhaid Íocaíochta Foghlaimeoirí | Oifigigh Údaraithe mar atá curtha ar bun ar Bhaincéireacht Ar Líne |
| IPB/Aistrithe 3ú Páirtí | Oifigigh Údaraithe mar atá curtha ar bun ar Bhaincéireacht Ar Líne |
| Foráiltear le luachanna íocaíochtaí atá leagtha amach faoi Thábla 11 don Údarás chun RAAnna a fhormheas maidir le híocaíochtaí a údaraíodh i gceart cheana féin.<br><br>Tá mionsonraí ar shínitheoirí ar na painéil sínithe seic ar fáil ón Rannóg Ciste.<br><br>Tá mionsonraí ar Oifigigh Údaraithe mar atá curtha ar bun ar Bhaincéireacht ar líne ar fáil ó Airgeadas APO (Ciste). | |

| **Tábla 12: Formheas chun Seiceanna a Shíniú** | |
|---|---|
| **Luach Íocaíochta** | **Leibhéal Formheasa** |
| Cuntas Bainc na Ceannoifige:<br>Suas le €10,000.00<br>Os cionn €10,000 | Síniú údaraithe amháin ar a laghad<br>Dhá shíniú údaraithe |

| | |
|---|---|
| Cuntais Bhainc Ionaid Oiliúna Gach Seic | Síniú amháin ó Phainéal A agus síniú amháin ó Phainéal B ar fhoirm sainordaithe bainc |
| Formheas chun leas a bhaint as saoráidí Rótharraingtí | An Bord |

| **Tábla 13: Formheas chun Sócmhainní Dochta a Dhíscríobh** |
|---|
| Ní mór díscríobhanna sócmhainní dochta a dhéanamh i gcomhréir leis an mBeartas um Dhiúscairt Sócmhainní Dochta. |

| **Tábla 14: Formheas Bronntanas & Fáilteachais** |
|---|
| Ní mór go mbeidh Bronntanais & Fáilteachas i gcomhréir leis an mBeartas um Bronntanais & Fáilteachas. |

| **Tábla 15: Formheas Taistil & Cothaithe** |
|---|
| Tá costais Taistil & Cothaithe formheasta i gcomhréir leis an mBeartas um Thaisteal agus Cothú. |

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ LEAGAN ÍOSLÓDÁILTE NÓ CÓIP CHRUA GAN RIALÚ